Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2021
(OR. en)**

**14276/21**

**IPCR 147
AG 106
RELEX 1011
JAI 1287
PROCIV 153
CSDP/PSDC 605
COCON 75
COTER 156
HYBRID 72
SAN 698
MI 878
CYBER 306**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14088/21 + REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an ullmhacht, an cumas freagartha agus an athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an ullmhacht, an cumas freagartha agus an athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, a glacadh ag an 3829ú cruinniú de chuid na Comhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 23 Samhain 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE FEABHAS A CHUR AR AN ULLMHACHT, AN CUMAS FREAGARTHA AGUS AN ATHLÉIMNEACHT I LEITH GÉARCHÉIMEANNA A BHEIDH ANN AMACH ANSEO**

1. I mí an Mheithimh 2021 d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an Uachtaránacht inteachta an obair a chur ar aghaidh sa Chomhairle chun feabhas a chur ar ár n-ullmhacht, ár gcumas freagartha agus ar n-athléimneacht chomhchoiteann i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chosaint. Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí acu i mí Iúil 2021 in Brdo, thacaigh na hAirí Gnóthaí Eorpacha le hiarrachtaí na hUachtaránachta maidir le freagairt níos cuimsithí a thabhairt ar ghéarchéimeanna.

2. Tá an tAontas Eorpach tar éis aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna iomadúla le linn a staire agus tá athruithe beartais agus institiúideacha curtha chun feidhme aige de réir a chéile le feabhas a chur ar a chumas déileáil le géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo. Is níos casta, níos trasteorannaí agus níos ilghnéithí atá ag éirí na géarchéimeanna in imeacht ama agus is measa go minic, dá bhrí sin, a n-éifeacht ar an Aontas, ar na Ballstáit agus ar a gcuid saoránach.

3. Le socruithe comhtháite an Aontais maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna (IPCR) in 2013, faoi mhaoirseacht COREPER, tógadh céim thábhachtach chun tosaigh ó thaobh tacú le feasacht chuimsitheach staide agus ó thaobh rannchuidiú le cinnteoireacht chomhtháite ar leibhéal polaitiúil an Aontais mar fhreagairt ar mhórimeachtaí géarchéime trasearnálacha, chun tairbhe an Aontais agus a Bhallstát. Mar sin féin, caithfear an fhreagairt ar ghéarchéimeanna a fhorbairt a thuilleadh, ar a laghad trí cheachtanna a fhoghlaim óna ndearnadh go maith agus ón méid nach ndearnadh chomh maith sin, de réir mar a shainíodh tar éis an ghnímh, go háirithe ó na hócáidí dá ndearnadh IPCR a ghníomhachtú i gcás ghéarchéimeanna reatha na himirce agus COVID-19. Is den riachtanas go gcuirfí feabhas ar an gcomhordú agus ar an gcomhar trasearnálach agus trasteorann idir na Ballstáit, agus go gcuirfí tacaíocht ar fáil ar leibhéal an Aontais má táimid le freagairt éifeachtach a thabhairt ar ghéarchéimeanna chun tairbhe shaoránaigh na hEorpa agus i lánurraim na n-inniúlachtaí náisiúnta agus inniúlachtaí an Aontais. Chun freagairt an Aontais ar ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a fhorbairt, ba cheart tosú ó na sásraí trasteorann comhair ar gach leibhéal atá ann cheana agus iad a neartú de réir mar is iomchuí, agus ba cheart lánurraim a thaispeáint do phrionsabail an smachta reachta, an daonlathais agus na gceart bunúsach.

4. An-chuid de na ceachtanna a foghlaimíodh le déanaí ba ó phaindéim COVID-19 a d'eascair siad. D'ainneoin na n-easnamh, d'éirigh go maith leis an Aontas, a bhuí sin le comhordú agus dlúthpháirtíocht. Cé gur nochtadh bearnaí a bheith ann ó thaobh ullmhachta agus freagartha ar ghéarchéimeanna trasearnálacha, léiríodh freisin, lenár bhfreagairt ar an bpaindéim, a riachtanaí atá an obair as lámh a chéile agus an breisluach a bhaineann léi. Samplaí soiléire den luach a bhaineann le comhar an Aontais is ea an chaoi ar úsáid Ballstáit comhar agus comhordú consalach an Aontais, le tacaíocht ó SEGS agus ó Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, chun náisiúnaigh de chuid an Aontais a bhí sáinnithe thar lear i ngeall ar shrianta géarchéime ar thaisteal a aisdúichiú, an chaoi rathúil ar glacadh agus ar rolladh amach Dheimhniú Digiteach COVID an Aontais, gan trácht ar na torthaí dearfacha den chuid is mó a baineadh amach i ndáil le vacsaíní a tháirgeadh, a fháil agus a chomhroinnt. A bhuí leis na bearta sealadacha a tugadh isteach ar leibhéal an Aontais i réimse an rialachais eacnamaíoch, agus le bainistiú agus úsáid sholúbtha an chistithe Eorpaigh, caomhnaíodh athléimneacht gheilleagair na mBallstát agus éascaíodh a dtéarnamh.

5. Amach anseo, beidh ar an Aontas a bheith ullamh chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna tromchúiseacha de chineál difriúil, a d'fhéadfadh a bheith ilghnéitheach, hibrideach, a bhféadfadh éifeachtaí cascáideacha a bheith acu nó a d'fhéadfadh tarlú ag an am céanna. Chuige sin, caithfear feabhas a chur ar bhainistiú trasearnálach agus trasteorann géarchéimeanna, lena n-áirítear anailís riosca agus fadbhreathnaitheacht straitéiseach ar mhaithe le réamhghníomhú, cosc, ullmhacht agus freagairt níos fearr, i gcur chuige uile-ghuaise, chun bonn eolais a chur faoin ngníomhú níos fadtéarmaí i ndáil le hathléimneacht a chothú i leith dúshlán. Ba cheart don Chomhairle athbhreithniú rialta a dhéanamh ar shásraí an Aontais atá ar fáil, lena n-áirítear an chaoi a n-idirghníomhaíonn siad le sásraí domhanda, chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith oiriúnach dá bhfeidhm.

***Freagairt agus ullmhacht thrasearnálach a neartú i ndáil le géarchéimeanna***

6. I dtráth géarchéime, is den riachtanas a rathú go leanfaidh an tAontas agus a chuid institiúidí agus comhlachtaí cinnteoireachta de bheith ag feidhmiú. I ndáil leis an méid sin, léirigh géarchéim COVID-19 an ról lárnach atá ag an gComhairle, agus í á tacú ag COREPER, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, go háirithe ó thaobh comhordú polaitiúil agus straitéiseach atá éifeachtach, comhleanúnach, cothrománach, a áirithiú idir na Ballstáit. I ndáil leis sin, chuir na socruithe IPCR go mór le comhordú agus le freagairt thráthúil faoi údarás COREPER.

7. Is níos tábhachtaí fós, amach anseo, a bheidh an comhordú trasearnálach trasteorann agus an stiúradh polaitiúil san fhreagairt ar ghéarchéimeanna. Leanfaidh Coreper de ról lárnach a imirt maidir le hullmhú agus freagairt i ndáil le géarchéimeanna. Go háirithe, ba cheart ceachtanna a fhoghlaim ó ghéarchéimeanna roimhe seo maidir leis an gcaoi a bhféadfaí obair na Comhairle a fheabhsú a thuilleadh agus a dhéanamh níos éifeachtaí, lena n-áirítear an gá le treoirphlean a bhunú a mbeadh treoirlínte solúbtha agus inoiriúnaithe aige mar aon le rialacha nós imeachta chun bonn eolais a chur faoi fhreagairt an Aontais agus a Bhallstát ar ghéarchéimeanna, agus prionsabal na coimhdeachta á urramú ag an am céanna agus gach ualach riaracháin neamhriachtanach a sheachaint. Is den tábhacht go dtabharfaidh na Ballstáit faoi ní hamháin ionstraimí an Aontais a chur chun feidhme, ach na gníomhaíochtaí náisiúnta arna gcomhaontú sa Chomhairle agus arna gcomhordú ag leibhéal an Aontais a chur chun feidhme freisin, agus inniúlachtaí na mBallstát á gcur san áireamh de réir mar is iomchuí.

8. Leis an gcomhar idirinstitiúideach agus an trédhearcacht, ba cheart go bhféadfaí iolrú na bhfóram agus gníomhaíochtaí forluiteacha a sheachaint. I ndáil leis sin, is den tábhacht go ndéanfaí faisnéis a comhroinnt ar bhealach struchtúraithe agus go mbeadh feasacht staide choiteann ann ar leibhéal na Comhairle trí mheán na socruithe IPCR, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Beidh gá le modhanna slána digiteacha cumarsáide a fhorbairt a thuilleadh má táimid chun freagairt éifeachtach a thabhairt ar ghéarchéimeanna.

9. Ina theannta sin, is den tábhacht freisin feabhas a chur ar an gcumarsáid straitéiseach agus géarchéime, agus an bhréagaisnéis, an ionramháil faisnéise agus an cur isteach a chomhrac, má táimid chun tacú leis an ngníomhú agus leis an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna agus chun muinín an phobail a áirithiú.

10. Má táthar chun ullmhacht réamhghníomach i gcomhair géarchéimeanna a bhaint amach, beidh gá le fadbhreathnaitheacht, athbhreithniú rialta agus réamh-mheas a dhéanamh ar rioscaí, na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na rioscaí sin ar earnálacha éagsúla i mBallstáit aonair agus sa chomharsanacht a shainaithint, agus féachaint cén chaoi is fearr is féidir na tionchair sin a mhaolú agus aghaidh a thabhairt orthu. Rinneadh obair thábhachtach cheana féin chun cumais réamhbhreathnaitheachta agus réamh-mheasta rioscaí a fheabhsú ar leibhéal an Aontais, go háirithe tríd an líonra uile-Aontais Foresight, na hathbhreithnithe is déanaí ar an reachtaíocht maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, agus neartú rescEU agus Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Aontais (ERCC). Tá sé beartaithe, leis an Treoirphlean Imirce agus Ullmhachta, feabhas a chur ar an bhfeasacht staide agus ar an luathrabhadh i réimse na himirce, lena n-áirítear maidir le hionstraimiú na n-imirceach chun críoch polaitiúil. Maidir leis na cumais ar leibhéal an Aontais lena comhlánaítear agus lena dtacaítear le hiarrachtaí na mBallstát i ndáil le cosc agus ullmhacht i dtreo is go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar aon chineál géarchéime, ba cheart iad a dhíriú ar réimsí ina mbeadh cur chuige comhpháirteach Eorpach níos éifeachtaí ná gníomhaíochtaí náisiúnta arna ndéanamh ar leithligh. I bhfianaise an mhéid sin thuas, is díol sásaimh don Chomhairle Líonra Ard-Stiúrthóirí Lárionaid Ghéarchéime na mBallstát, a bunaíodh le déanaí é agus ar uirlis é chun faisnéis agus saineolas a roinnt eatarthu.

***Athléimneacht a fhorbairt agus a fhaire agus spleáchais a laghdú***

11. Chuir na srianta soláthair agus éilimh go crua ar an Aontas agus ar an Margadh Aonair, gan trácht ar na rialuithe teorann a tugadh isteach chun leathadh an víris a shrianadh le linn ráig COVID-19. Thaispeáin an ráig a thábhachtaí atá sé oibriú as lámh a chéile chun athléimneacht an Mhargaidh Aonair a neartú i gcoinne suaití, lena n-áirítear suaitheadh i bpríomhshlabhraí soláthair agus príomhearnálacha eacnamaíocha an Aontais, amhail cógaisíocht, feistí leighis agus leathsheoltóirí, agus cás na bpobal trasteorann agus na réigiún ríthábhachtacha idirthurais á gcur san áireamh freisin. I bhfianaise ról fíor-riachtanach an Mhargaidh Aonair don Aontas, cuireann an Chomhairle in iúl go láidir gur cheart do bhearta a bhaineann le géarchéimeanna a bheith sealadach, comhréireach agus lánchomhordaithe, agus é mar chuspóir acu gnáthfheidhmiú an Mhargaidh Aonair a atosú a luaithe is féidir, lena n-áirítear saorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí agus caipitil mar a fhoráiltear sna Conarthaí.

12. D'fhonn Margadh Aonair láidir, athléimneach agus lánfheidhmiúil a áirithiú, is gá gníomhú go hiomchuí chun iomaíochas agus athléimneacht thionscal an Aontais Eorpaigh a neartú, agus chun aghaidh a thabhairt ar na spleáchais straitéiseacha. Ina theannta sin, le nuashonrú na straitéise tionsclaíche don Eoraip cuirtear san áireamh na ceachtanna a foghlaimíodh go dtí seo ó ghéarchéim COVID-19. Déanann Tuarascáil an Choimisiúin maidir leis an Réamhbhreathnaitheacht Straitéiseach 2021 rannchuidiú i ndáil leis an méid sin freisin. Chun dlús a chur leis an téarnamh, beidh gá le hinfheistíocht leanúnach spriocdhírithe, idir phoiblí agus phríobháideach, agus an inbhuanaitheacht fhioscach á coinneáil ag an am céanna.

*Na chéad chéimeanna eile*

13. Fillfidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta ar bhonn rialta ar an tsaincheist seo maidir le feabhas a chur ar ár n-ullmhacht, ár gcumas freagartha agus ár athléimneacht chomhchoiteann i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo.

14. Spreagann sí an Coimisiún agus SEGS ionchur breise a thabhairt maidir le ceachtanna breise a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 chun freagairt ar ghéarchéimeanna eile nach mbaineann leis an tsláinte.

15. Tá cruthaithe go maith ag na socruithe IPCR agus is ionstraim sholúbtha úsáideach iad chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin láithreacha i dtráth géarchéime. D'fhonn a áirithiú go leanfaidh sásra freagartha na Comhairle ar ghéarchéimeanna de bheith oiriúnach dá fheidhm, athbhreithneoidh an Chomhairle faoi mhí an Mheithimh 2022 an gá feabhas a chur ar na socruithe IPCR nó an gá iad a neartú, go háirithe i réimsí an réamh-mheasta agus na hullmhachta, ag glacadh leis na ceachtanna a sainaithníodh ó ghníomhachtú IPCR do ghéarchéim na himirce agus do phaindéim COVID-19, chomh maith le cleachtaí bainistithe géarchéime a rinneadh roimhe sin agus an taithí ábhartha ar leibhéal na mBallstát a bheidh le cur san áireamh sa phlé sa Chomhairle. Áirítear leis sin féachaint cén chaoi is fearr is féidir leis na struchtúir náisiúnta bainistithe géarchéime a bheith rannpháirteach ann, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta na Comhairle.

16. D'fhonn feabhas a chur ar an athléimneacht, an ullmhacht agus an fhreagairt i leith géarchéimeanna, déanann an Chomhairle an méid seo a leanas, *inter alia*:

***Maidir le hAthléimneacht:***

– aithníonn sí a thábhachtaí atá cur chuige fianaise-bhunaithe chun spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí a fhorbairt faoi dheireadh 2022, agus na cleachtais is fearr agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó na creataí athléimneachta náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana á gcur san áireamh;

– dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di na deaiseanna athléimneachta arna bhforbairt ag an gCoimisiún, ar cheart iad a bheachtú a thuilleadh in éineacht leis na Ballstáit, mar uirlis nua, chomhlántach chun faireachán a dhéanamh ar an athléimneacht;

– dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di an rún Líonra Eolais um Chosaint Shibhialta an Aontais a sheoladh i mí na Nollag 2021 agus iarrann sí ar an gCoimisiún, ag obair dó i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ról a thabhairt do Líonra Eolais um Chosaint Shibhialta an Aontais sna spriocanna uile-Aontais maidir le hathléimneacht, athbhreithniú ar rioscaí agus cruthú creatlaí cáis;

– meabhraíonn sí gur gá dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh feabhas a chur ar athléimneacht na n-eintiteas criticiúil agus ar shlándáil na gcóras gréasán agus faisnéise;

– leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an straitéis thionsclaíoch, go háirithe trí athléimneacht an Mhargaidh Aonair a neartú agus trí dhéileáil le spleáchais;

– dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun Compás Straitéiseach uaillmhianach, inghníomhaithe, a bhaint amach don tSlándáil agus an Chosaint.

***Maidir le hullmhacht:***

– tá sí ag súil leis an Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún ar Staid na hUllmhachta, inar cheart inniúlachtaí náisiúnta a chur san áireamh agus faisnéis a áireamh maidir leis na hacmhainní, na huirlisí, na scileanna agus cruthú creatlaí cáis atá ar fáil, agus ar cheart di cur leis an bplé beartais ar an leibhéal straitéiseach, lena n-áirítear maidir le gnéithe trasteorann;

– iarrann sí go ndéanfaí beartais éagsúla an Aontais maidir le hullmhacht agus cleachtaí a chur chun feidhme ar bhealach níos comhsheasmhaí, lena n-áirítear na beartais sin a thagann faoi na socruithe IPCR;

– dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di na hiarrachtaí a rinneadh chun Aontas Sláinte Eorpach agus an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i gCás Éigeandálaí Sláinte (HERA) a bhunú, agus iarrann sí go mbeadh ról neartaithe ag na Ballstáit i rialachas HERA, agus go mbeadh comhar ann idir HERA agus ESD;

– tá sí ag súil leis an bplean teagmhasach le haghaidh iompair a d'iarr an Chomhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 a fháil ón gCoimisiún;

– dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di an plean teagmhasach a thíolaic an Coimisiún maidir le soláthar bia agus an tslándáil bia in aimsir géarchéime;

– leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé creat bainistithe géarchéimeanna cibearshlándála an Aontais a fhorbairt a thuilleadh mar aon le freagairt éifeachtúil a fhorbairt ar leibhéal an Aontais ar theagmhais agus ar ghéarchéimeanna mórscála cibearshlándála.

***Maidir leis an bhfreagairt ar ghéarchéimeanna:***

– molann sí go n-oibreofaí chun tuilleadh feabhais a chur ar shocruithe na Comhairle maidir le freagairt ar ghéarchéimeanna agus maidir le stiúradh agus comhordú foriomlán polaitiúil;

– dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di ról Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin (ERCC) lena n-áirítear a ról chun tacú le réamh-mheas ar ghéarchéimeanna agus comhordú oibríochtúil trasearnálach mar fhreagairt ar réimse leathan géarchéimeanna, comhordú a dhéanamh le hionstraimí eile freagartha ar ghéarchéimeanna de chuid an Aontais agus cuidiú le IPCR;

– tugann sí dá haire an obair atá déanta ag an gCoimisiún ar thogra le haghaidh Ionstraim Éigeandála don Mhargadh Aonair (SMEI) arb é is aidhm léi tionchair dhiúltacha géarchéimeanna ar an Margadh Aonair a mhaolú, chomh maith leis an obair ar athbhreithniú féideartha Chód Teorainneacha Schengen;

– leagann sí béim, i gcás inarb ábhartha, ar an tábhacht a bhaineann le comhordú agus comhar consalach le linn géarchéimeanna agus ar an ngá le ceachtanna a fhoghlaim ón bhfreagairt ar ráig COVID-19 agus ar ghéarchéimeanna eile, agus tá sí ag fanacht le togra ón gCoimisiún in 2022 i ndáil le Treoir an Aontais maidir le cosaint chonsalach a athbhreithniú;

17. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé an comhar le tríú tíortha a neartú i gcomhréir le luachanna agus prionsabail an Aontais, go háirithe i gcomharsanacht an Aontais, agus le heagraíochtaí agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile i ndáil le géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo.

18. Tá an Chomhairle ag súil go ndéanfaidh an Chomhairle Eorpach breithniú ar an obair a rinneadh go nuige seo maidir le bainistiú géarchéimeanna agus maidir le hathléimneacht ag an gcruinniú a bheidh aici i mí na Nollag.